Forléargas ar na socruithe is féidir a dhéanamh sna trialacha roghnúcháin

1. Réamhrá

Tá EPSO tiomanta do chomhdheiseanna agus rochtain na n-iarrthóirí uile ar a chuid próiseas roghnúcháin a chinntiú agus chun na críche sin déanann sé síormhonatóireacht ar a chuid próiseas tástála agus roghnúcháin uile. Chuige sin, cuireann EPSO deis ar fáil do na hiarrthóirí uile a chur in iúl an bhfuil riachtanais shonracha acu mar gheall ar mhíchumas nó riocht sláinte, a d'fhéadfadh socruithe réasúnta a bheith ag teastáil dá bharr ag céim amháin nó ag gach céim de phróisis roghnúcháin EPSO. Cuirtear an t-eolas sin in iúl go soiléir ón tús, ar shuíomh gréasáin EPSO, san fhoirm iarratais agus i ngach fógra comórtais (le haghaidh comórtais oscailte) nó i ngach glao ar léiriú spéise (le haghaidh roghnúcháin CAST).

Chun líon na n-iarrthóirí atá faoi mhíchumas a ghlacann páirt i bpróisis roghnúcháin EPSO a mhéadú, tá plean cumarsáide spriocdhírithe glactha ag EPSO, ar cuid de, glao ar chomhoibriú dírithe ar eagraíochtaí uile an Aontais Eorpaigh atá rannpháirteach i gcur chun cinn agus leas daoine faoi mhíchumas. Sa chomhthéacs sin, tá ábhair fógraíochta forbartha ag EPSO chun an próiseas maidir le socrú réasúnta a shoiléiriú agus chun iarrthóirí a chur ar an eolas faoin gcaoi ar féidir socruithe speisialta a iarraidh i dtaca leis na trialacha roghnúcháin. Má tá tuilleadh eolais uait faoi bheartas EPSO maidir le comhionannas agus éagsúlacht agus faoi conas a chuireann sé na prionsabail i bhfeidhm d'iarrthóirí a bhfuil riachtanais shonracha acu, féach leathanach EPSO faoi chomhdheiseanna. https://epso.europa.eu/how-to-apply/equal-opportunities_en. Tá tuilleadh eolais faoin nglao ar chomhoibriú agus is féidir féachaint ar an bhfíseán faoi conas oiriúnuithe speisialta a iarraidh, ar leathanach gréasáin tiomnaithe EPSO: https://epso.europa.eu/content/join-our-network-disability-organisations_en). Thairis sin, tá fógrán céim ar chéim ar fáil faoin bpróiseas maidir le socruithe réasúnta sa leagan inrochtana seo agus is féidir leagan priontáilte i mBraille a fháil ach é a iarraidh.

2. Conas a dhéanaimid socruithe réasúnta a shainiú

Agus socrú/socruithe réasúnta á gcur ar fáil, féachann EPSO lena chinntiú go mbeidh iarrthóirí atá faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais shonracha acu in ann a gcuid inniúlachtaí a léiriú go hiomlán agus a bheith san iomaíocht ar bhonn comhionann le hiarrthóirí eile. Constaicí a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr míchumas duine nó de bharr an reachta sláinte ina bhfuil sé, is féidir iad a chur as an tslí trí shocruithe réasúnta a chur ar fáil agus gan athrú a dhéanamh ar chineál nó ar leibhéal na cáilíochta atá á mheas. Ó 2008 i leith tá saineolas áirithe á fhorbairt ag EPSO maidir le socrú/socruithe réasúnta a shainiú le haghaidh iarrthóirí a bhfuil riachtanais shonracha acu. Is ar fhoireann EPSO Accessibility, ar a bhfuil síceolaí sinsearach atá ina speisialtóir i dtaca le socrú/socruithe speisialta sna trialacha roghnúcháin, atá sé de chúram gach iarraidh aonair ar oiriúnuithe speisialta a anailísiú de réir an cháis agus déantar an socrú (na socruithe) atá molta a bhailíochtú ar an leibhéal bainistíochta. Is cleachtas cuimsitheach dian é seo ina gcuirtear na gnéithe seo a leanas san áireamh le cois nithe eile:

- An iarraidh ar oiriúnuithe sna trialacha roghnúcháin a dhéanann iarrthóirí tríd an bhfoirm iarratais a bhaineann le riachtanais shonracha mar gheall ar mhíchumas nó riocht sláinte;
- Tuiscint mhaith ar chineál agus ar dhéine srianta feidhmiúla an iarrthóra i gcomhthéacs an roghnúcháin;
- Doiciméid tacaíochta ó ghairmithe cáilithe agus/nó ó na húdaráis náisiúnta (e.g. deimhnithe míchumais, deimhnithe leighis, tuairiscí speisialtóireachta...);
- Saineolas EPSO maidir le socruithe réasúnta;
- Saineolas seachtrach (i gcásanna áirithe, téann EPSO i gcomhairle le saineolaithe amhail seirbhís leighis an Choimisiúin Eorpaigh nó le saineolaithe seachtracha chun an sainiú is fearr is féidir a chur ar fáil maidir le socruithe. Ní bhíonn aon rian ar an gcomhairliúchán sin d'aitheantas na ndaoine a mbaineann sé leo agus ráthaítear cosaint sonraí);
- Cineál na dtrialacha agus na meán a úsáidtear (e.g. ar ríomhaire, lámhscríofa nó i bhfoirm aiste ar ríomhaire, ó bhéal);
- An cineál aschuir a bhfuiltear ag súil leis (e.g. freagraí ar cheistneoir ceisteanna ilrogha, aiste, ó bhéal/idirghníomhaíocht)
- Na cineálacha gníomhaíochta is gá chun na freagraí cearta a chur in iúl (e.g. cliceáil, clóscríobh, lámhscríobh, labhairt, idirghníomhú)
- Aon eolas ábhartha eile

3. Forléargas ar na socruithe is féidir a dhéanamh i dtrialacha roghnúcháin EPSO

Sa doiciméad seo tá cur síos ar roinnt socruithe is féidir le hiarrthóirí a iarraidh le linn na dtrialacha roghnúcháin. Ba iad EPSO agus conraitheoir EPSO a chruthaigh é (Prometric faoi láthair) agus déanfar é a nuashonrú ar bhonn leanúnach de réir na bhforbairtí i réimse na socruithe réasúnta, iarrataí nua ar oiriúnuithe speisialta agus na socruithe nua a dheonaítear.

Le haghaidh gach cineáil socraithe, tá na nithe seo a leanas ar fáil:

- cur síos ar an socrú (‘cad é féin’ sa ghluais thíos);
- céim an phróisis roghnúcháin inar féidir an socrú seo a dheonú (‘cathain’ sa ghluais thíos);
- na hionaid trialacha ina bhféadfar an socrú sin a dheonú, bíodh siad san Eoraip nó ar fud an domhain (‘cén áit’ sa ghluais thíos);
- cé air a bhfuil sé de chúram an socrú a chur ar fáil (‘cé atá i gceist’ sa ghluais thíos);

A. Eolas tábhachtach

- Déantar trialacha ar ríomhaire in ionaid trialacha an chonraitheora ar fud an domhain. Cuirfidh an conraitheoir an socrú/na socruithe atá sainithe ag foireann EPSO Accessibility i bhfeidhm de réir threoracha EPSO agus an trealaimh atá ar fáil.
- Déantar trialacha an ionaid measúnaithe in áitreabh EPSO sa Bhruiséil agus i Lucsamburg;
- Is iad foireann EPSO agus/nó comhaltaí an bhoird roghnúcháin a chuirfidh an socrú/na socruithe i bhfeidhm;
- Ní gluais uileghabhálach í gluais na socruithe agus is féidir socruithe eile ar bhonn riachtanais shonracha an iarrthóra, a iarraidh. Déantar anailís ar gach iarraidh de réir an cháis;

- Tá na hionaid trialacha uile oiriúnach do chathaoireacha rothaí;
- Bíonn socrú sonrach/socruithe sonracha agus an trealamh TF ag brath ar é/iad a bheith ar fáil sna hionaid trialacha atá faoi bhainistiú an chonraitheora. Ní bhíonn gach ní ar fáil i ngach ionad trialacha agus i gcásanna áirithe is féidir gur gá nithe a sheoladh chuig ionad trialacha. Lena chinntiú go ndéanfar é sin in am, moltar d'iarrthóirí a gcuid iarrataí a dhéanamh a luaithe is féidir;
- Eolas táscach atá sa ghluais seo chun léiriú a thabhairt ar na socruithe agus ar fheidhmiúlachtaí an trealaimh TF is féidir a bheith ann agus ní ábhar conarthach é. Déanfaidh EPSO a dhícheall na socruithe réasúnta is gá a chur ar fáil d'iarrthóirí;
- Ní fhéadann EPSO aon socruithe de 'chineál pearsanta nó fisiceach' a dhéanamh (e.g. tógáil nó beathú);
- D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht idir an rud a d'iarr an t-iarrthóir ar dtús agus an rud a dheonófar, ós rud é go bhfuil cuid mhór athróg le háireamh i sainiú an tsocraithe/na socruithe réasúnta aonair. Is chun leas an chomhionannais agus na cothroime i dtaca leis na hiarrthóirí uile atá sé sin agus i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta sa réimse;
- Má tá roinnt fadhbanna sláinte agat ní hé sin le rá go bhfaighidh tú socruithe carnacha.
- Cinnteoimid go gcoinneofar na sonraí a bhaineann leis an míchumas nó leis an riocht sláinte atá ort faoi rún i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair, 2018.

B. Gluais na socruithe is féidir a dhéanamh

Amanna agus áiteanna a sceidealú

Am breise

Cad é féin Cuirfear síneadh céatadáin áirithe leis an am a cheadófar don triail (e.g. 25%, 33%; 50%, 75%, 100% nó 120%). Mar shampla, iarrthóir ar ceadaíodh 50% de bhreis ama dó le haghaidh triail 10 nóiméad, beidh 15 nóiméad aige chun an triail a dhéanamh.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit In ionaid trialacha ar fud an domhain
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Sosanna sínithe

Cad é féin Féadfar sosanna níos faide ná na cinn a bhí pleanáilte cheana a thabhairt d'iarrthóirí. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh i gcás iarrthóirí atá ag iompar nó a bhfuil leanbh ar a mbrollach acu, mar shampla.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit In ionaid trialacha ar fud an domhain
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Sosanna solúbtha

Cad é féin Is féidir go dtabharfar sosanna solúbtha d'iarrthóirí le linn an tseisiúin trialacha chun deis a thabhairt dóibh a scíth a ligean má bhíonn gá leis mar gheall ar a riocht sláinte. Beidh na sosanna sin sa bhreis ar na sosanna atá ceadaithe sa triail cheana.

Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit In ionaid trialacha ar fud an domhain
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Deasc oibre ar leithligh

Cad é féin Má bhíonn gá leis mar gheall ar riocht sláinte an iarrthóra, mar shampla, daoine a bhfuil neamhoird easnaimh airde orthu, is féidir iad a chur i gcoirnéal níos scartha sa seomra trialacha chun cabhrú leo aird a thabhairt. Beidh sé seo ag brath ar infhaighteacht agus ar mhéid an ionaid trialacha.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit In ionaid trialacha ar fud an domhain
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Athsceidealú

Cad é féin I roinnt cásanna an-sonrach ina bhfuil riocht sláinte sealadach i gceist, mar shampla mná atá ag iompar nó le linn na tréimhse breithe, is féidir le hiarrthóirí dáta eile a iarraidh le haghaidh na dtrialacha.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit In ionaid trialacha ar fud an domhain
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Seomra ar leithligh

Cad é féin Iarrthóirí a dteastaíonn uathu a scíth a ligean nó leanbh a chothú mar shampla, is féidir leo seomra ar leithligh a iarraidh. Bíonn na spásanna príobháideacha ag brath ar infhaighteacht, agus d'fhéadfadh go n-iarrfaí ar iarrthóirí taisteal chuig ionad trialacha nárbh é a gcéadrogha é, agus níl aon chinnteacht ann go mbeidh siad ar fáil i ngach ionad trialacha. De rogha air sin, d'fhéadfaí sosanna leordhóthanacha a thabhairt d'iarrthóirí nó cead a thabhairt dóibh an t-ionad trialacha a fhágáil ar feadh tréimhse ama shonraithe mura mbeadh seomra príobháideach ar fáil i ngach áit (i gcás iarrthóirí a bhfuil leanbh ar a mbrollach acu, mar shampla).
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit Iarrtar réamhdheimhniú i gcás gach ionaid trialacha
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Cúnamh pearsanta

Prócadóir cúnta

Cad é féin Cúntóir pearsanta a dhéanann maoirseacht ar thástáil iarrthóra agus a dhéanann monatóireacht ar chúrsaí ama.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit In ionaid trialacha ar fud an domhain
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Léitheoir cúnta

Cad é féin Cúntóir pearsanta a léann na ceisteanna os ard don iarrthóir le linn fhad uile na dtrialacha agus a fhanann in éineacht leis an iarrthóir más gá.

Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit In ionaid trialacha ar fud an domhain
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Taifeadóir cúnta

Cad é féin Cúntóir pearsanta a chabhraíonn leis an iarrthóir a chuid freagraí a thaifeadadh.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit In ionaid trialacha ar fud an domhain
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Ateangaireacht go teanga chomharthaíochta

Cad é féin Iarrthóirí a bhfuil lagú éisteachta mór orthu, is féidir leo ateangaireacht go teanga chomharthaíochta a iarraidh le linn trialacha. Tá sé fíorthábhachtach an iarraidh a dhéanamh a luaithe is féidir chun a chinntiú go mbeidh ateangairí oiriúnacha sa teanga AE a iarradh ar fáil uair na tástála
Cathain San ionad measúnaithe
Cén áit In áitreabh EPSO, nó i bhfoirgnimh oifigiúla amhail ionadaíochtaí AE, toscaireachtaí AE ach ní i dtithe na n-iarrthóirí.
Cé atá i gceist EPSO

Formáid agus leagan amach na dtrialacha

Asphriontálacha as Braille

Cad é féin Iarrthóirí a bhfuil lagú radhairc mór orthu, is féidir leo asphriontálacha as Braille a iarraidh. I dteannta an tsocraithe sin, cabhróidh cúntóirí pearsanta leo ('léitheoir cúnta' féach thuas).
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit In áitreabh EPSO, nó i bhfoirgnimh oifigiúla amhail ionadaíochtaí AE, toscaireachtaí AE ach ní i dtithe na n-iarrthóirí.
Cé atá i gceist EPSO

Trialacha atá oiriúnach do dhaoine atá dathdhall

Cad é féin Is féidir le hiarrthóirí atá dathdhall trialacha gan dath a iarraidh. Déanfaidh siad na trialacha ar pháipéar a bhfuil na dathanna bainte de, gan difear a dhéanamh do cháilíocht na trialach.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit In ionaid trialacha ar fud an domhain
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Trialacha ina bhfuil an cló méadaithe

Cad é féin Iarrthóirí a bhfuil lagú radhairc orthu, mar shampla, is féidir leo trialacha i bhformáid mhéadaithe a iarraidh agus iad ag obair ar pháipéar. Mar shampla, is féidir go dtabharfar asphriontálacha i bhformáid A3 in áit formáid A4 d'iarrthóir.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit In ionaid trialacha ar fud an domhain
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Codarsnacht mhéadaithe

Cad é féin Is féidir athruithe a dhéanamh ar mhéid, ar chodarsnacht, ar ghile, ar fhad an scáileáin ón iarrthóir agus ar a shuíomh de réir mar a iarrfaidh an t-iarrthóir é roimh thús na dtrialacha. Is féidir dath na litreacha agus/nó an cúlra a mhionathrú agus a mhéadú le haghaidh iarrthóirí a bhfuil fadhb súl ar leith acu. Tá gaireas zúmála/codarsnachta videomatic LUX ar fáil in áitreabh EPSO.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit In ionaid trialacha ar fud an domhain
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Breacadh nótaí

Cad é féin I roinnt cásanna áirithe, mar shampla má tá neamhoird foghlama i gceist is féidir go dtabharfar cead d'iarrthóirí nótaí a ghlacadh le linn na dtrialacha. De ghnáth cuirtear boird inghlanta nó páipéar breactha nótaí ar fáil d'iarrthóirí. Sainíonn an t-ionad trialacha é sin agus is féidir éagsúlacht a bheith ann idir na hionaid.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit In ionaid trialacha ar fud an domhain
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Trialacha ar pháipéar

Cad é féin Is féidir le hiarrthóirí an triail a dhéanamh ar páipéar in áit ar ríomhaire.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit I ngach ionad trialacha de chuid AE nó in ionaid EPSO, i roinnt foirgnimh oifigiúla amhail toscaireachtaí AE, ionadaíochtaí AE
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Trealamh

Soilsiú oiriúnaithe

Cad é féin Is féidir le hiarrthóirí a bhfuil soilsiú breise ag teastáil uathu lampa deisce a iarraidh. Lampa deisce 230v é a bhfuil 3 sholas LED ann. Neasmhéid an lampa: 55cm (ar airde) x 15cm (bonn). Daoine a gcuireann solas an lae isteach orthu, cuirfear iad chomh fada agus is féidir ó na fuinneoga mar shampla, i gcás inar féidir.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit I ngach ionad trialacha AE. I gcás na n-ionad lasmuigh den Eoraip, teastaíonn réamhdheimhniú ón gconraitheoir le haghaidh lampaí deisce. In áitreabh EPSO.
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Monatóirí méadaithe

Cad é féin 23” ar leithead atá na gnáthmhonatóirí sna hionaid trialacha. Is féidir monatóir 24” a mholadh do dhaoine a theastaíonn scáileán níos mó uathu.
Cathain Le linn na dtrialacha ar ríomhaire
Cén áit I ngach ionad trialacha AE agus in áitreabh EPSO
Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Troscán deisce eirgeanamaíochta

Cad é féin Bíonn cathaoireacha eirgeanamaíochta ar fáil do na hiarrthóirí uile agus is féidir iad a shocrú de réir a riachtanas. Bíonn deasca ar féidir a n-airde a athrú ar fáil d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí mar shampla.

Cathain Le linn gach céime de na trialacha

Cén áit Mar réamhshocrú, bíonn cathaoireacha ar fáil i ngach ionad trialacha ar fud an domhain. Teastaíonn réamhdheimhniú le conraitheoir le haghaidh deasca ar féidir a n-airde a athrú. In áitreabh EPSO.

Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Luchóg optúil eirgeanamaíochta

Cad é féin Spreagann an luchóg eirgeanamaíochta bogadh láimhe, bogadh chaol na láimhe agus suíomh sciatháin neodracha nádúrtha sa chaoi go n-éascaítear an bogadh agus go laghdaítear an strus foriomlán.

Cathain Sna trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire a eagraítear in EPSO

Cén áit In áitreabh EPSO nó i bhfoirgnimh oifigiúla amhail in ionadaíochtaí, i dtoscaireachtaí...

Cé atá i gceist EPSO

Méarchlár ar a bhfuil eochracha VIG

Cad é féin Méarchlár caighdeánach láidir ar a bhfuil eochracha soiléire an-mhór atá oiriúnach do dhaoine a bhfuil lagú radhairc orthu. Is méarchlár dubh é ar a bhfuil litreacha bána.

Cathain Sna trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire a eagraítear in EPSO

Cén áit In áitreabh EPSO

Cé atá i gceist EPSO

Áireamhán mór do-ríomhchláraithe

Cad é féin Áireamhán atá tuairim agus 20cm x 30cm. D'fhéadfadh iarrthóirí ar a bhfuil lagú radhairc é sin a iarraidh mar shampla.

Cathain Le linn na dtrialacha ar ríomhaire nó le linn aon triail a bhfuil an ríomh ina chuid di

Cén áit I ngach ionad trialacha AE. I gcás na n-ionad lasmuigh den Eoraip, teastaíonn réamhdheimhniú ón gconraitheoir. In áitreabh EPSO nó i bhfoirgnimh oifigiúla amhail ionadaíochtaí, toscaireachtaí...

Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Luchóg chiotóige

Cad é féin Luchóg a chuireann ar chumas iarrthóirí ciotógacha an triail a dhéanamh ar a gcompord.

Cathain Le linn na dtrialacha ar ríomhaire

Cén áit I ngach ionad trialacha AE. I gcás na n-ionad lasmuigh den Eoraip, teastaíonn réamhdheimhniú ón gconraitheoir.

Cé atá i gceist Conraitheoir

Méadaitheoir scáileán

Cad é féin Trealamh ar a bhfuil scáileáin mhéadaithe agus scagairí a mhéadaíonn na híomhánna faoi bhreis agus a dó chun féachaint a éascú agus chun an tuirse súl agus an traochadh a laghdú. Tá gaireas zúmála/codarsnachta videomatic LUX ar fáil in áitreabh EPSO sa Bhruiséil.

Cathain Le linn na dtrialacha ar ríomhaire

Cén áit I ngach ionad trialacha AE. I gcás na n-ionad lasmuigh den Eoraip, teastaíonn réamhdheimhniú ón gconraitheoir. In áitreabh EPSO sa Bhruiséil.

Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Stopuaireadóir (amadóirí láimhe)

Cad é féin An scrúdú a amú de láimh. Is clog láimhe é seo, a dhéanann an tréimhse ama idir a ghníomhaíochtú agus a dhíghníomhachtú a thomhas.

Cathain Le linn gach céime de na trialacha

Cén áit I ngach ionad trialacha AE. I gcás na n-ionad lasmuigh den Eoraip, teastaíonn réamhdheimhniú ón gconraitheoir. In áitreabh EPSO nó i bhfoirgnimh oifigiúla amhail in ionadaíochtaí, i dtoscaireachtaí AE...

Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Luchóg rialúcháin

Cad é féin Rianliathróid mhór mhéire a bhfuil rialú an-mhaith ag baint leis agus a laghdaíonn an bogadh atá le déanamh ag an lámh agus ag caol na láimhe. Oiriúnach d'iarrthóirí a bhfuil fadhbanna sláinte acu a bhfuil tionchar acu ar shoghluaisteacht na lámh (amhail airtríteas, siondróm na conaire carpasaí) nó iarrthóirí ar úsáideoirí cathaoir rothaí leictreacha iad nach bhfuil in ann a gcuid méar a bhogadh.

Cathain Le linn na dtrialacha ar ríomhaire

Cén áit I ngach ionad trialacha AE. I gcás na n-ionad lasmuigh den Eoraip, teastaíonn réamhdheimhniú ón gconraitheoir.

Cé atá i gceist Conraitheoir

Luchóg ingearach

Cad é féin Fágann an luchóg seo go gcuirtear an lámh agus caol na láimhe i suíomh nádúrtha compordach (agus an ordóg in airde). Tá luchóg ingearach ‘evoluent’ 2 agus luchóg optúil eirgeanamaíochta 3 AHAA ar fáil in áitreabh EPSO sa Bhruiséil

Cathain Le linn na dtrialacha ar ríomhaire

Cén áit I ngach ionad trialacha AE. I gcás na n-ionad lasmuigh den Eoraip, teastaíonn réamhdheimhniú ón gconraitheoir. In áitreabh EPSO nó i bhfoirgnimh oifigiúla amhail ionadaíochtaí, toscaireachtaí...

Cé atá i gceist An conraitheoir agus EPSO

Bogearraí

Téacs zúmála

Cad é féin Gné de bhogearraí méadaithe scáileáin a mhéadaíonn agus a fheabhsaíonn an íomhá/téacs ar scáileán ríomhaire, agus a chuireann le sofheictheacht agus so-úsáidteacht do ríomhaire.
Cathain Le linn na dtrialacha ar ríomhaire
Cén áit I ngach ionad trialacha.
Cé atá i gceist Conraitheoir
Nóta tábhachtach: Tá EPSO ag obair go gníomhach le réiteach a chur i bhfeidhm lenar féidir le hiarrthóirí an teicneolaíocht chúnta a úsáid le go mbeidh siad in ann a gcuid feistí féin a thabhairt leo chuig na hionaid trialacha nó na trialacha a dhéanamh ó chian ón mbaile ar a dtrealamh féin.

Nithe pearsanta

Áiseanna cumarsáide

Cad é féin Áis éisteachta/ionchlannán cochla. Méadaitheoir téad gutha
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit I ngach ionad trialacha.
Cé atá i gceist Iarrthóir

Bia agus deochanna

Cad é féin Cead nithe pearsanta a thabhairt isteach sa seomra trialacha chun críoch míochaine amhail diaibéiteas.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit I ngach ionad trialacha.
Cé atá i gceist Iarrthóir

Feiste leighis atá ceangailte le corp duine

Cad é féin Spreagthóir corda dromlaigh. Cataitéar Mála colastóime Mála draenála lamhnáin. Umar ocsaigine Pumpa insline Feistí TENS. Monatóir ráta croí Monatóir glúcóis leanúnaigh.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit I ngach ionad trialacha.
Cé atá i gceist Iarrthóir

Cógas agus feistí leighis

Cad é féin Plugaí cluaise (déanta as cúr, gan téada): De ghnáth cuireann an conraitheoir iad sin ar fáil d'iarrthóirí EPSO i ngach ionad trialacha.
Bindealáin. Teanntáin - Le haghaidh muiníl, droma, coise, nó rúitín. Losainní casachta (nó iad a bheith gan chlúdach agus gan iad a bheith i mbuidéal/i gcoimeádán).
Braonta súl. Paiste súl. Spéaclaí (gan chás). Gloine formhéadúcháin láimhe (neamhleictreach, gan chás).
Bráisléad foláirimh leighis Cásálacha/ Coiléar taca. Guailleán Cásálacha buataisí siúil. Piollairí (ní mór iad a bheith gan chlúdach agus gan a bheith i mbuidéal/i gcoimeádán).

Is féidir le hiarrthóirí piollairí atá fós sa phacáiste a thabhairt leo má tá sé sonraithe ar an bpacáiste go gCAITHFEAR iad a fhágáil sa phacáiste, amhail piollairí nítriglicrín nach féidir a nochtadh san aer. (Déanfaidh Riarthóir an Ionaid Trialacha na pacáistí a sheiceáil agus seolfar Tuairisc Ionaid ar Fhadhb ina dtaobh).
Maisc mháinliachta Maisc leighis Lámhainní leighis rubair. Pacaí oighir.
Pillín téimh neamhleictreach. Monatóir glúcóis. Táibléid ghlúcóis.
Táibléid nítriglicrín.
Epi-Pen.
Análóir.
Piliúr/taca lumbach.
Stól ar féidir géag a leagan air.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit I ngach ionad trialacha.
Cé atá i gceist An t-iarrthóir

Feistí soghluaiseachta

Cad é féin Bata siúil Croisíní. Cathaoir rothaí. Siúladán,...
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit I ngach ionad trialacha.
Cé atá i gceist An t-iarrthóir

Ainmhí seirbhíse

Cad é féin Is féidir le duine madra a bheith ina thionlacan aige chuig seomra trialacha.
Cathain Le linn gach céime de na trialacha
Cén áit I ngach ionad trialacha.
Cé atá i gceist Iarrthóir

4. Tuilleadh eolais

Ba cheart aon cheist a bhaineann le d'iarraidh ar oiriúnuithe speisialta agus leis na socruithe réasúnta is féidir a fháil, a chur chuig EPSO ACCESSIBILITY team.
Is próiseas dinimiciúil é próiseas socruithe réasúnta EPSO agus déantar síormhonatóireacht agus athbhreithniú air chun feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil d'iarrthóirí atá faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais shonracha acu. Mar a luadh cheana, déanfar an ghluais seo a nuashonrú ar bhonn leanúnach de réir fhorbairtí i réimse na socruithe réasúnta, iarrataí nua ar oiriúnuithe speisialta agus socruithe nua a deonaíodh.

Deireadh an doiciméid